Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11809/26**

**CLIMA 394**
**ENV 932**
**AGRI 584**
**FORETS 108**
**ENER 515**
**IND 481**
**COMPET 945**
**DELACT 111**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 4666 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 9.7.2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na modheolaíochtaí deimhniúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin a bhunú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 4666 final.

Faoi iamh: C(2026) 4666 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.7.2026
C(2026) 4666 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9.7.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na modheolaíochtaí deimhniúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin a bhunú**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá gealltanas tugtha ag an Aontas Eorpach aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050[1], ar an gcéad dul síos, trí laghdú práinneach, uaillmhianach agus marthanach a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT), arna bhforlíonadh le haistrithe carbóin chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí iarmharacha. Le Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh buanaistrithe carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí[2], cruthaíodh creat deonach uile-Aontais chun na gníomhaíochtaí thuasluaite a dheimhniú. Trí chritéir cháilíochta an Aontais a leagan síos, agus trí phróisis faireacháin agus tuairiscithe a bhunú, is é is aidhm don Rialachán próisis deimhniúcháin a chuíchóiriú. Leis sin soláthrófar trédhearcacht agus deimhneacht dhlíthiúil, rud lena n-éascófar infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nuálacha aistrithe carbóin agus i réitigh inbhuanaithe feirmeoireachta carbóin araon, agus aghaidh á tabhairt an tráth céanna ar an nglas-snasú, rud a rannchuideoidh le cuspóir an Aontais maidir le haeráidneodracht.

Chun Rialachán (AE) 2024/3012 a chur chun feidhme agus critéir cháilíochta an Aontais a oibríochtú, ní mór modheolaíochtaí deimhniúcháin saincheaptha a leagan amach le haghaidh réimse leathan gníomhaíochtaí aistrithe carbóin agus feirmeoireachta carbóin. Bunaítear leis an ngníomh tarmligthe seo na modheolaíochtaí le haghaidh gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin sa talmhaíocht agus san agrafhoraoiseacht ar ithreacha mianracha, tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú, agus foraoisiú.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 16(4) de Rialachán (AE) 2024/3012 agus mír 4 den Chomhthuiscint maidir le Gníomhartha Tarmligthe atá i gceangal leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach[3], rinneadh comhairliúcháin iomchuí le linn ullmhú an ghnímh tharmligthe seo. Chuathas i gcomhairle le saineolaithe Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin um Aistrithe Carbóin[4] sna cruinnithe a tionóladh an 16 Aibreán 2024, an 22 Deireadh Fómhair 2024, an 8, 13 agus 15 Bealtaine 2025, an 5 Feabhra 2026 agus an 23 Aibreán 2026. Tar éis dréacht an ghnímh tharmligthe a chur i láthair, bhí deis ag na saineolaithe freisin barúlacha i scríbhinn ar an téacs a chur isteach.

Rinneadh na doiciméid a bhaineann leis na cruinnithe a tharchur go comhuaineach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, mar a fhoráiltear sa Chomhthuiscint maidir le Gníomhartha Tarmligthe. Cuireadh na barúlacha a chuir an Grúpa Saineolaithe in iúl san áireamh agus an gníomh tarmligthe á ullmhú.

---

1 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach').

2 Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh buanaistrithe carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí.

3 An Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

4 https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=ga&groupID=3861

Foilsíodh an dréachtghníomh tarmligthe ar an tairseach um Rialáil Níos Fearr le haghaidh tréimhse aiseolais ón 22 Eanáir 2026 go dtí an 19 Feabhra 2026. Le linn na tréimhse sin, fuarthas 252 aighneacht aiseolais, lena n-áirítear cinn ó 86 chuideachta/ghnólacht, 48 gcomhlachas gnó, 44 eagraíocht neamhrialtasacha, 21 saoránach den Aontas, 19 n-údarás phoiblí, 6 eagraíocht chomhshaoil, 18 n-institiúid acadúla/taighde, agus 1 cheardchumann amháin. Bhí an t-aiseolas a bhí ábhartha don dréachtghníomh tarmligthe a fuarthas le linn an chomhairliúcháin phoiblí oscailte den chineál céanna agus áiríodh ann argóintí agus faisnéis den chineál céanna leo siúd a cuireadh i láthair sa phlé fairsing le linn chruinnithe an Ghrúpa Saineolaithe um Aistrithe Carbóin. Mar thoradh air sin, cuireadh roinnt athruithe agus soiléirithe leis an dréacht, go háirithe maidir le fad na dtréimhsí gníomhaíochta agus na dtréimhsí faireacháin, athnuachan na dtréimhsí gníomhaíochta, cainníochtú astaíochtaí tailte portaigh, agus modheolaíochtaí measúnaithe riosca.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2024/3012 cumhachtaítear an Coimisiún le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán a fhorlíonadh trí mhodheolaíochtaí deimhniúcháin a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin.

Go sonrach, ní mór na pointí seo a leanas d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/3012 a léiriú sna modheolaíochtaí deimhniúcháin atá ann faoi láthair:

(a) na cineálacha gníomhaíochtaí agus tuairisc ar na cleachtais agus ar na próisis a chumhdaítear, lena n-áirítear an tréimhse ghníomhaíochta agus an tréimhse faireacháin;

(b) rialacha maidir leis na linnte aistrithe carbóin agus na foinsí astaíochtaí gás ceaptha teasa uile de réir bhrí Airteagal 4(2) a shainaithint;

(c) rialacha maidir leis an mbonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (a)(i) agus in Airteagal 4(2), pointí (b)(i) agus (iii) a ríomh;

(d) rialacha maidir leis na haistrithe carbóin iomlána dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (a)(ii) a ríomh;

(e) rialacha maidir le hastaíochtaí ithreach LULUCF dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (b)(ii) a ríomh;

(f) rialacha maidir le hastaíochtaí ithreach talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (b)(iv) a ríomh;

(g) rialacha maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa bainteacha dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (a)(iii) agus in Airteagal 4(2), pointe (b)(v) a ríomh;

(h) rialacha maidir leis an mbonnlíne chaighdeánaithe dá dtagraítear in Airteagal 4(9) a thabhairt cothrom le dáta agus maidir leis an mbonnlíne a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 4(11) a thabhairt cothrom le dáta;

(i) rialacha chun éiginnteachtaí a chur san áireamh ar bhealach coimeádach agus cainníochtú á dhéanamh ar aistrithe sealadacha carbóin tríd an bhfeirmeoireacht carbóin agus laghduithe astaíochtaí ithreach dá dtagraítear in Airteagal 4(12);

(j) rialacha chun na tástálacha breisíochta sonracha dá dtagraítear in Airteagal 5(2) a dhéanamh;

(k) rialacha maidir le faireachán agus rialacha maidir le maolú a dhéanamh ar aon riosca sainaitheanta aisiompaithe maidir leis an gcarbón stóráilte dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointe (a);

(l) rialacha maidir le sásraí dliteanais iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointe (b), agus Airteagal 6(4)(c), lena n-áirítear rialacha maidir leis an riosca go gclisfeadh ar an sásra dliteanais ábhartha;

(m) rialacha maidir leis an gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 6(5) a chur chun feidhme;

(n) rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar laghduithe astaíochtaí ithreach dá dtagraítear in Airteagal 6(6);

(o) rialacha maidir leis na ceanglais íosta inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 7(3);

(p) rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar na comhthairbhí dá dtagraítear in Airteagal 7(4).

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9.7.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na modheolaíochtaí deimhniúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin a bhunú**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh buanaistrithe carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí[5], agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/3012 bunaítear creat deimhniúcháin deonach de chuid an Aontais le haghaidh buanaistrithe carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí chun tacú le baint amach chuspóirí an Aontais faoi Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide[6], go háirithe baint amach an chuspóra aeráidneodrachta ar bhonn comhchoiteann faoi 2050

[5] IO L, 2024/3012, 6.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3012/oj.

[6] Comhaontú a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, a formheasadh trí bhíthin Chinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IO L 282, 19.10.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1841/oj).

ar a dhéanaí, a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7]. Chuige sin, leagtar síos le Rialachán (AE) 2024/3012 critéir cháilíochta le haghaidh gníomhaíochtaí aistrithe carbóin agus laghdaithe astaíochtaí ithreach maidir le cainníochtú, breisíocht, stóráil, faireachán agus dliteanas, agus inbhuanaitheacht. Is gá na modheolaíochtaí deimhniúcháin a leagan amach faoinar cheart a mheas go gcomhlíonann oibreoirí gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin a dhéantar san Aontas na critéir cháilíochta sin agus ba cheart na haistrithe carbóin agus na laghduithe astaíochtaí ithreach a ghintear a bheith incháilithe do dheimhniúchán faoi chreat an Aontais.

(2) I measúnú a rinne an Coimisiún ar mhodheolaíochtaí atá ann cheana chun gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin a dheimhniú[8] agus san obair a rinne an Grúpa Saineolaithe um Aistrithe Carbóin ina dhiaidh sin, sainaithníodh trí chineál gníomhaíochtaí a fhágann an t-eolas agus an aibíocht eolaíoch ina leith gur féidir modheolaíochtaí deimhniúcháin a bhunú chun críocha Rialachán (AE) 2024/3012, is iad sin gníomhaíochtaí talmhaíochta agus agrafhoraoiseachta ar ithreacha mianracha, tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú, agus foraoisiú. Leis na gníomhaíochtaí sin, feabhsaítear an acmhainneacht oiriúnaitheachta, neartaítear an athléimneacht agus laghdaítear leochaileacht i leith an athraithe aeráide i gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) 2021/1119.

(3) Le cleachtais feirmeoireachta lena gceaptar carbón nó lena laghdaítear astaíochtaí ithreach, cuirtear le hathléimneacht an táirgthe talmhaíochta i gcomhthéacs dálaí aeráide agus geopholaitiúla atá ag athrú, trí shláinte ithreach agus coinneáil uisce a fheabhsú agus trí bhaint den spleáchas ar ionchuir amhail leasacháin shintéiseacha agus táirgí cosanta plandaí. Chun tionchair dhearfacha na feirmeoireachta carbóin sa talmhaíocht agus san agrafhoraoiseacht a bharrfheabhsú, ba cheart d'fheirmeoirí a bheith in ann roinnt cleachtas a chomhcheangal sa ghníomhaíocht chéanna.

(4) Ar an gcaoi chéanna, is féidir le hathfhliuchadh tailte portaigh agus ithreacha orgánacha srian nach beag a chur le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, tuilleadh díghrádú talún a chosc agus sláinte ithreach a chothú. Ar an gcúis sin agus chun aistriú tailte portaigh a dhraenáiltear le haghaidh na talmhaíochta chuig úsáidí talún níos inbhuanaithe a spreagadh sa ghearrthréimhse, is iomchuí cleachtais nach ndéantar ach ardú páirteach ar leibhéal an uisce i dtailte portaigh agus in ithreacha orgánacha dá mbarr, chomh maith leis an athfhliuchadh iomlán, a bheith incháilithe do dheimhniúchán.

(5) Is réiteach ríthábhachtach é an foraoisiú chun aghaidh a thabhairt ar an linn charbóin atá ag meath agus chun rannchuidiú leis an oiriúnú don athrú aeráide. Chun an limistéar foraoise san Aontas a mhéadú agus athléimneacht foraoisí a fheabhsú an tráth céanna, ba cheart tosaíocht a thabhairt do chomhdhéanamh iomchuí crann. Ba cheart é a cheadú speiceas aonair a phlandú, áfach, chun sainiúlachtaí talún agus dálaí crua fáis a chur san áireamh, amhail i limistéir ina bhfuil gaineamhlú ag tarlú.

---

[7] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj).

[8] https://climate.ec.europa.eu/eu-action/carbon-removals-and-carbon-farming_ga#eu-expert-group-on-carbon-removals

(6) Chun teaglaim iomchuí de thomhais ar an láthair, cianbhraiteacht agus samhaltú a áirithiú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2024/3012, ba cheart cineálacha cur chuige éagsúla maidir le cainníochtú agus faireachán a cheadú. Chun stóinseacht na gcineálacha cur chuige sin a áirithiú, is iomchuí rialacha soiléire a sholáthar maidir le samhlacha, tomhais agus fachtóirí astaíochta a roghnú agus a úsáid. I bhfianaise na gcuspóirí maidir leis an ualach riaracháin agus airgeadais ar oibreoirí a íoslaghdú agus an próiseas deimhniúcháin a shimpliú de bhun Airteagal 8(3), pointe (h), de Rialachán (AE) 2024/3012, is gá prótacal a fhorbairt chun bailíochtú a dhéanamh ar shamhlacha inchreidte, cruinne, oiriúnacha a bhfuil dearadh trédhearcach acu agus ar theicnící braite neasaigh chun meastachán a dhéanamh ar thionchar na gcleachtas feirmeoireachta carbóin a chumhdaítear leis an Rialachán seo i réigiúin shonracha san Aontas, agus comhsheasmhacht á lorg an tráth céanna le cineálacha cur chuige is infheidhme maidir le fardail gás ceaptha teasa i réimse na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta (LULUCF).

(7) I gcomhréir le hAirteagal 4(9) de Rialachán (AE) 2024/3012, leagfar síos bonnlíne chaighdeánaithe leis na modheolaíochtaí deimhniúcháin. Tá dul chun cinn mór déanta ag an gCoimisiún, trí thionscadail thiomnaithe taighde agus nuálaíochta faoin gclár Fís Eorpach, lena n-áirítear an Misean Fís Eorpach ‘Comhaontú Ithreach don Eoraip’, maidir le samhlacha agus léarscáileanna a fhorbairt chun meastachán a dhéanamh ar mheánfhloscanna carbóin in imthosca peidichlíomacha comhchosúla san Aontas. Ós rud é nach bhfuil torthaí na dtionscadal sin ar fáil go fóill, áfach, is iomchuí, i gcomhthráth le leanúint den obair chun bonnlíne chaighdeánaithe a bhunú, foráil a dhéanamh maidir le bonnlíne a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht a chur i bhfeidhm arb é atá inti leanúint de na cleachtais a bhí i bhfeidhm ag oibreoirí sular chuir siad tús leis an ngníomhaíocht feirmeoireachta carbóin. Chun ardleibhéal uaillmhéine a choinneáil ar bun, ba cheart an bhonnlíne a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht a bheith faoi réir coigeartú anuas le himeacht ama lena léireofaí tairbhí sochreidte aeráide a ghinfí in éagmais na gníomhaíochta. Níor cheart feidhm a bheith ag an gcoigeartú sin ach amháin maidir le hastaíochtaí ó ithreacha talmhaíochta, i gcás inar dócha go bhfágfadh nuálaíocht theicneolaíoch go laghdófaí déine na n-astaíochtaí GCT ó tháirgeadh bia amach anseo, ach ní i gcás athfhliuchadh tailte portaigh, agrafhoraoiseachta agus foraoisithe i gcás nach nginfí aon tairbhe aeráide in éagmais na gníomhaíochta.

(8) Chun éiginnteachtaí a chur san áireamh maidir le haistrithe carbóin agus laghduithe astaíochtaí ithreach a chainníochtú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 4(12) de Rialachán (AE) 2024/3012, ba cheart feidhm a bheith ag fachtóir coigeartaithe éiginnteachta. Chun ailíniú le caighdeáin arna nglacadh faoi Shásra Creidiúnúcháin Chomhaontú Pháras de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), ba cheart 10 % ar a laghad a bheith san fhachtóir sin.

(9) D’fhéadfadh athrú indíreach ar an talamhúsáid tarlú nuair a dhéantar talamh a úsáideadh le haghaidh táirgeadh talmhaíochta roimhe sin a thiontú mar gheall ar ghníomhaíocht feirmeoireachta carbóin amhail foraoisiú agus athfhliuchadh tailte portaigh. Sna cásanna sin, ní mór an t-éileamh ar tháirgí talmhaíochta a shásamh fós, rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le talamh talmhaíochta a leathnú chuig limistéir ina bhfuil stoic arda charbóin amhail foraoisí, bogaigh agus tailte portaigh, rud a d’fhágfadh go mbeadh tairbhe aeráide laghdaithe ag baint leis na gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin. Ina theannta sin, d’fhéadfadh sé a bheith ina thoradh ar an ioncam féideartha a ghintear trí chleachtais feirmeoireachta carbóin go n-ardófaí praghsanna talún, rud ba chúis le hamhantraíocht talún. Spreagfaí na tionchair

dhiúltacha sin de dheasca athrú indíreach ar an talamhúsáid nó amhantraíocht talún i gcás ina mbeadh an t-ioncam ó dheimhniúchán d'oibreoir cothrom leis an ioncam a gineadh faoin úsáid talún roimhe sin, lena n-áirítear táirgeacht agus luachanna talún, nó níos airde ná an t-ioncam sin. I ndáil leis sin, léirítear sa mheasúnú ar an litríocht atá ann cheana nach meastar go nginfí méid mór astaíochtaí a eascraíonn as athrú indíreach ar an talamhúsáid de dheasca gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin a dhéantar i limistéir dhíghrádaithe, imeallacha nó ísealtáirgeachta, toisc nach ndéanfaí ach athchur/díláithriú beag ar tháirgeadh bia agus beatha, dá mba athchur/díláithriú ar bith. Tá ganntanas sonraí stóinseacha uile-Aontais ann go fóill, áfach, maidir leis an ioncam agus na deischostais a bhaineann le foraoisiú agus athfhliuchadh tailte portaigh. Dá bhrí sin, ní féidir astaíochtaí a eascraíonn as athrú indíreach ar an talamhúsáid ná rioscaí amhantraíochta talún a chainníochtú faoi láthair, go dtí go bhfaighfear taithí maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/3012 agus go mbeidh faisnéis ar fáil maidir le praghsanna aonad deimhnithe, ioncam arna ligean thar ceal ó tháirgeacht chaillte, agus luachanna talún.

(10) Chun a áirithiú go mbeidh éifeacht dreasachta ag an deimhniúchán agus chun a léiriú go bhfuil gá leis an ioncam a ghintear faoi dheimhniúchán ionas go mbeidh an ghníomhaíocht feirmeoireachta carbóin inmharthana, lena n-áirítear i gcás ina gcarnfar an t-ioncam sin le cistiú poiblí, i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le Státchabhair agus le caighdeáin faoi Shásra Creidiúnúcháin Chomhaontú Pháras, is iomchuí rialacha a leagan síos maidir le tástálacha breisíochta sonracha dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2024/3012 a dhéanamh. Dá bhrí sin, ba cheart d'oibreoirí a léiriú nach gceanglaítear an ghníomhaíocht a dhéanamh faoi fhorálacha reachtúla agus nár cuireadh tús léi sular cuireadh an t-iarratas isteach chuig an scéim deimhniúcháin agus go ngineann deimhniúchán costais nó nach é an cás infheistíochta is inmharthana é. Ós rud é, faoi na rialacha sin maidir le tástálacha breisíochta sonracha a dhéanamh, go n-eisiafaí ón deimhniúchán oibreoirí a chuir tús lena ngníomhaíocht idir 2023 agus 2027, is iomchuí maolú idirthréimhseach a thabhairt isteach ar an gceanglas maidir le héifeacht dreasachta do luaththionscnóirí den sórt sin chun aitheantas a thabhairt dá gcuid iarrachtaí. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart d'oibreoirí a chuir tús leis an ngníomhaíocht faoi scéim deimhniúcháin arna haithint níos déanaí faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2358 ón gCoimisiún[9] a bheith in ann tairbhiú de mhaolú ar an gceanglas maidir le héifeacht dreasachta, chun a áirithiú go mbeidh am leordhóthanach ann don phróiseas aitheantais.

(11) I gcás carbón a aistrítear trí ghníomhaíochtaí lena mbítear ag brath ar éiceachórais nádúrtha amhail gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin, tá an riosca ann go scaoilfear amach san atmaisféar é. Dá bhrí sin, is iomchuí rialacha comhchuibhithe, stóinseacha a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar an riosca i dtaobh aisiompú na n-aistrithe carbóin is bun leis na haonaid dheimhnithe agus a spreagadh go gcuirfear i bhfeidhm cleachtais lena maolaítear na rioscaí sin agus lena rannchuidítear le hathléimneacht mhéadaithe. Ar bhonn an mheasúnaithe riosca sin, ba cheart a áirithiú le sásraí dliteanais, i gcás teagmhais dhosheachanta agus teagmhais inseachanta as a n-eascraíonn aisiompuithe carbóin, nach ndéanfaidh siad difear do bhailíocht na n-aonad deimhnithe. Ba cheart d'oibreoirí a bheith in ann rogha a dhéanamh as measc

9 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2358 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le scéimeanna deimhniúcháin, comhlachtaí deimhniúcháin, agus iniúchtaí faoi Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/2358, 21.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2358/oj).

sásraí dliteanais éagsúla i ndáil le rialacha margaidh agus rialacha iomaíochta. Le gníomhaíochtaí amhail tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú agus úsáid fheabhsaithe leasacháin, déantar astaíochtaí a chosc ar cinn iad a scaoilfí amach san atmaisféar murach sin; dá bhrí sin, ní féidir na haonaid laghdaithe astaíochtaí ithreach a ghintear ó na gníomhaíochtaí sin a aisiompú, rud a fhágann nach bhfuil gá le haon sásra dliteanais. I gcás na ngníomhaíochtaí sin, áfach, ba cheart cleachtais athléimneachta iomchuí a chur i bhfeidhm i limistéir atá faoi lé rioscaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh ar bhealach diúltach do ghlantairbhe aeráide na ngníomhaíochtaí sin.

(12) De bhun Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2024/3012, is é a dhéanfaidh gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin comhthairbhí a ghiniúint chun an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, lena n-áirítear sláinte ithreach agus díghrádú talún a sheachaint. Chun cruthúnas ar chomhlíonadh an cheanglais sin a éascú, agus solúbthacht á háirithiú an tráth céanna, ba cheart cead a bheith ag oibreoirí rogha a dhéanamh as liosta cineálacha cur chuige cáilíochtúla, lena n-áirithítear comhlíonadh Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] agus lena n-éascaítear a chur i bhfeidhm, agus lena bhfeabhsaítear úsáid cleachtas atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht[11]. Ina theannta sin, ba cheart d'oibreoirí a bheith in ann comhthairbhí inbhuanaitheachta eile a léiriú trí chineálacha cur chuige atá bunaithe ar ghníomhaíocht nó ar thorthaí, lena bhfeabhsaítear deiseanna gnó trí phréimh mhargaidh fhéideartha do na haonaid dheimhnithe.

(13) I bhfianaise an ghá atá ann an fhianaise eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil a chur san áireamh chun na modheolaíochtaí deimhniúcháin a bhunú, i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2024/3012, is iomchuí freisin foráil a dhéanamh maidir le hathbhreithniú tréimhsiúil ar na modheolaíochtaí deimhniúcháin sin i bhfianaise an dul chun cinn teicneolaíoch agus eolaíoch agus na nuálaíochta teicneolaíche agus eolaíche, go háirithe feabhsuithe ar an bhfaireachán ar aistrithe carbóin agus ar laghduithe astaíochtaí ithreach agus ar chainníochtú éifeachtaí ailbéideachta mar thoradh ar ghníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Ní mór an tábhacht chéanna a leagan ar fhorbairtí i reachtaíocht an Aontais a mheas, i measc nithe eile, chun sineirgí a áirithiú le cineálacha cur chuige deimhniúcháin le haghaidh pointí creidmheasa dúlra i gcomhréir leis an teachtaireacht maidir leis an Treochlár i dtreo pointí creidmheasa dúlra[12] agus le forbairt a dhéanamh ar chóras tagarmharcála le haghaidh inbhuanaitheacht ar an bhfeirm a fógraíodh san Fhís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia[13]. Chun taithí ar chur i bhfeidhm an

---

10 Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869 (IO L, 2024/1991, 29.7.2024), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1991/oj.

11 Mar a áirítear sa doiciméad dar teideal *Guidelines on Biodiversity-Friendly Afforestation, Reforestation and Tree Planting* [Treoirlínte maidir le Foraoisiú, Athfhoraoisiú agus Plandú Crann atá Neamhdhíobhálach don Bhithéagsúlacht] https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2023)61&lang=ga).

12 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Roadmap towards Nature Credits* [Treochlár i dtreo Pointí Creidmheasanna Dúlra] COM/2025/374 final (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=comnat%3ACOM_2025_0374_FIN).

13 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia Earnáil tharraingteach feirmeoireachta agus agraibhia a mhúnlú le chéile le haghaidh na nglúnta atá le teacht. COM(2025) 75 final.

Rialacháin seo agus ar ghlacadh cleachtas feirmeoireachta carbóin san Aontas a léiriú, agus d'fhonn tástáil cleachtais choitinn agus coimircí in aghaidh amhantraíocht talún a áireamh freisin, ba cheart imeachtaí comhroinnte eolais a eagrú chun aiseolas a bhailiú agus dea-chleachtais a chomhroinnt,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Modheolaíocht deimhniúcháin le haghaidh aistrithe carbóin agus laghduithe astaíochtaí ithreach sa talmhaíocht agus san agrafhoraoiseacht ar ithreacha mianracha*

Comhlíonfaidh gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin sa talmhaíocht agus san agrafhoraoiseacht ar ithreacha mianracha na ceanglais seo a leanas:

(a) na critéir incháilitheachta a leagtar síos i Roinn 1.1.1. den Iarscríbhinn;

(b) na tréimhsí gníomhaíochta agus faireacháin a leagtar síos i Roinn 1.2.1. den Iarscríbhinn;

(c) na rialacha maidir le pleanáil agus tuairisciú a leagtar síos i Roinn 1.3. den Iarscríbhinn;

(d) na rialacha maidir leis na linnte aistrithe carbóin agus na foinsí astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos i Ranna 2.1. agus 2.1.1. den Iarscríbhinn a shainaithint;

(e) na rialacha maidir leis na haistrithe carbóin iomlána a leagtar síos i Ranna 2.2. agus 2.4. den Iarscríbhinn a ríomh;

(f) na rialacha maidir le hastaíochtaí ithreach LULUCF a ríomh, a leagtar síos i Ranna 2.2. agus 2.4. den Iarscríbhinn;

(g) na rialacha maidir le hastaíochtaí ithreach talmhaíochta a ríomh, a leagtar síos i Ranna 2.2. agus 2.4 den Iarscríbhinn;

(h) na rialacha maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa bainteacha a leagtar síos i Ranna 2.2. agus 2.4. den Iarscríbhinn a ríomh;

(i) na rialacha maidir leis an mbonnlíne a leagtar síos i Roinn 2.3. den Iarscríbhinn a ríomh agus a thabhairt cothrom le dáta;

(j) na rialacha chun cuntas a thabhairt ar éiginnteachtaí maidir le haistrithe carbóin agus laghduithe astaíochtaí ithreach a chainníochtú, a leagtar síos i Roinn 2.5 den Iarscríbhinn;

(k) na rialacha maidir leis na tástálacha breisíochta a dhéanamh, a leagtar síos i Roinn 3 den Iarscríbhinn;

(l) na rialacha maidir le measúnú riosca agus maidir le sásraí dliteanais a leagtar síos i Ranna 4.1 agus 4.2 den Iarscríbhinn;

(m) na rialacha maidir leis na ceanglais íosta inbhuanaitheachta a leagtar síos i Roinn 5.1. den Iarscríbhinn;

(n) na rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar na comhthairbhí a leagtar síos i Ranna 5.2. agus 5.3. den Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

*Modheolaíocht deimhniúcháin le haghaidh laghduithe astaíochtaí ithreach a eascraíonn as tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú*

Comhlíonfaidh gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin arb é atá inti tailte portaigh agus ithreacha orgánacha eile a athfhliuchadh agus a athbhunú na ceanglais seo a leanas:

(a) na critéir incháilitheachta a leagtar síos i Roinn 1.1.2. den Iarscríbhinn;

(b) na tréimhsí gníomhaíochta agus faireacháin a leagtar síos i Roinn 1.2.2. den Iarscríbhinn;

(c) na rialacha maidir le pleanáil agus tuairisciú a leagtar síos i Roinn 1.3. den Iarscríbhinn;

(d) na rialacha maidir leis na foinsí astaíochtaí gás ceaptha teasa a shainaithint, a leagtar síos i Ranna 2.1. agus 2.1.2. den Iarscríbhinn;

(e) na rialacha maidir le hastaíochtaí ithreach LULUCF a ríomh, a leagtar síos i Ranna 2.2. agus 2.4. den Iarscríbhinn;

(f) na rialacha maidir le hastaíochtaí ithreach talmhaíochta a ríomh, a leagtar síos i Ranna 2.2. agus 2.4. den Iarscríbhinn;

(g) na rialacha maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa bainteacha a leagtar síos i Ranna 2.2. agus 2.4. den Iarscríbhinn a ríomh;

(h) na rialacha maidir leis an mbonnlíne a leagtar síos i Roinn 2.3. den Iarscríbhinn a ríomh agus a thabhairt cothrom le dáta;

(i) na rialacha chun cuntas a thabhairt ar éiginnteachtaí maidir le laghduithe astaíochtaí ithreach a chainníochtú, a leagtar síos i Roinn 2.5 den Iarscríbhinn;

(j) na rialacha maidir leis na tástálacha breisíochta a dhéanamh, a leagtar síos i Roinn 3 den Iarscríbhinn;

(k) na rialacha maidir le sásraí dliteanais, a leagtar síos i Roinn 4.2. den Iarscríbhinn;

(l) na rialacha maidir leis na ceanglais íosta inbhuanaitheachta a leagtar síos i Ranna 5.1. den Iarscríbhinn;

(m) na rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar na comhthairbhí a leagtar síos i Ranna 5.2. agus 5.3. den Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

*Modheolaíocht deimhniúcháin le haghaidh aistrithe carbóin agus laghduithe astaíochtaí ithreach ó fhoraoisiú*

Comhlíonfaidh gníomhaíocht feirmeoireachta carbóin arb é atá inti foraoisiú na ceanglais seo a leanas:

(a) na critéir incháilitheachta a leagtar síos i Roinn 1.1.3. den Iarscríbhinn;

(b) na tréimhsí gníomhaíochta agus faireacháin a leagtar síos i Roinn 1.2.3. den Iarscríbhinn;

(c) na rialacha maidir le pleanáil agus tuairisciú a leagtar síos i Roinn 1.3. den Iarscríbhinn;

(d) na rialacha maidir leis na linnte aistrithe carbóin agus na foinsí astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos i Ranna 2.1. agus 2.1.3. den Iarscríbhinn a shainaithint;

(e) na rialacha maidir leis na haistrithe carbóin iomlána a leagtar síos i Ranna 2.2. agus 2.4. den Iarscríbhinn a ríomh;

(f) na rialacha maidir le hastaíochtaí ithreach LULUCF a ríomh, a leagtar síos i Ranna 2.2. agus 2.4. den Iarscríbhinn;

(g) na rialacha maidir le hastaíochtaí ithreach talmhaíochta a ríomh, a leagtar síos i Ranna 2.2. agus 2.4. den Iarscríbhinn;

(h) na rialacha maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa bainteacha a leagtar síos i Ranna 2.2. agus 2.4. den Iarscríbhinn a ríomh;

(i) na rialacha maidir leis an mbonnlíne a leagtar síos i Roinn 2.3. den Iarscríbhinn a ríomh agus a thabhairt cothrom le dáta;

(j) na rialacha chun cuntas a thabhairt ar éiginnteachtaí maidir le haistrithe carbóin agus laghduithe astaíochtaí ithreach a chainníochtú, a leagtar síos i Roinn 2.5 den Iarscríbhinn;

(k) na rialacha maidir leis na tástálacha breisíochta a dhéanamh, a leagtar síos i Roinn 3 den Iarscríbhinn;

(l) na rialacha maidir le measúnú riosca agus maidir le sásraí dliteanais, a leagtar síos i Ranna 4.1., 4.1.2. agus 4.2. den Iarscríbhinn;

(m) na rialacha maidir leis na ceanglais íosta inbhuanaitheachta a leagtar síos i Roinn 5.1. den Iarscríbhinn;

(n) na rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar na comhthairbhí a leagtar síos i Ranna 5.2. agus 5.3. den Iarscríbhinn.

*Airteagal 4*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9.7.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*